# Aguisín 2

# Sainmhínithe

## Údaráis Réigiúnacha

Tá na fo-cheantair gheografacha i dTábla 12 bunaithe ar Údaráis Réigiúnacha. Bunaíodh an t-ocht réigiún seo faoin Acht Rialtais Áitiúil, 1991, Ordú Bunaithe na nÚdarás Réigiúnach, 1993 a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 1994.

| Ainm an Réigiúin | Comhchontaetha | Cineál Réigiúin |
|---|---|---|
| Teorainn | An Cabhán | Contae Riaracháin |
| | Dún na nGall | Contae Riaracháin |
| | Liatroim | Contae Riaracháin |
| | An Lú | Contae Riaracháin |
| | Muineachán | Contae Riaracháin |
| | Sligeach | Contae Riaracháin |
| Baile Átha Cliath | Baile Átha Cliath | Cathair |
| | Dún Laoghaire-Rath an Dúin | Contae Riaracháin |
| | Fine Gall | Contae Riaracháin |
| | Átha Cliath Theas | Contae Riaracháin |
| Lár-Oirthear | Cill Dara | Contae Riaracháin |
| | An Mhí | Contae Riaracháin |
| | Cill Mhantáin | Contae Riaracháin |
| Lár Tíre | Laois | Contae Riaracháin |
| | Longfort | Contae Riaracháin |
| | Uíbh Fhailí | Contae Riaracháin |
| | An Iarmhí | Contae Riaracháin |
| Lár-Iarthar | An Clár | Contae Riaracháin |
| | Luimneach | Cathair |
| | Luimneach | Contae Riaracháin |
| | Tiobráid Árann Thuaidh | Contae Riaracháin |
| Oir-Dheisceart | Ceatharlach | Contae Riaracháin |
| | Cill Chainnigh | Contae Riaracháin |
| | Tiobráid Árann Theas | Contae Riaracháin |
| | Port Láirge | Cathair |
| | Port Láirge | Contae Riaracháin |
| | Loch Garman | Contae Riaracháin |
| Iar-Dheisceart | Corcaí | Cathair |
| | Corcaí | Contae Riaracháin |
| | Ciarraí | Contae Riaracháin |
| An tIarthar | Gaillimh | Cathair |
| | Gaillimh | Contae Riaracháin |
| | Maigh Eo | Contae Riaracháin |
| | Ros Comáin | Contae Riaracháin |

Do dhaonáireamh 1991 agus daonáirimh roimhe baineadh úsáid as Réigiúin Phleanála mar fo-cheantair gheografacha.

# Aguisín 2 (ar lean)

## Baile Iomlán agus Ceantair Iomlána Tuaithe

Is ionann an daonra sa Cheantar Iomlán Bhaile agus na daoine sin ina gcónaí i gconláin daonra de 1,500 cónaitheoirí nó níos mó. Ar mhaithe leis seo tá baile le teorainn sonraithe faoin dlí rangaithe ar bhunús an daonra iomláin, aon bhruach bhailte agus ceantair mhaguaird san áireamh.

Tá an daonra atá ina gcónaí i ngach ceantar taobh amuigh de chonláin de 1,500 nó níos mó cónaitheoirí rangaithe mar chuid den Cheantar Iomlán Tuaithe. Coincheap ar mhaith le staitisticí é an Ceantar Iomlán Tuaithe agus ní bhaineann sé leis an iar-aonad riaracháin Cheantair Tuaithe.

## Líon Príobháideach Tí

Is é atá i gceist le *líon príobháideach tí* - duine amháin ina chónaí ina (h)aonar nó grúpa daoine (ní gá go mbeadh gaol eatarthu) a bhfuil cónaí orthu ag an seoladh céanna le comhsocruithe tí - is é sin, go roinneann siad ar a laghad béile amháin sa lá nó go roinneann siad seomra teaghlaigh nó seomra suí.

Líon príobháideach tí atá ina chónaí go buan i dteach, arasán nó seomra suí/leapa é *líon príobháideach buan tí* (féach ceist H1 ar an dara leathanach de fhoirm an daonáirimh).

Líon príobháideach tí atá ina chónaí i gcarbhán, teacht soghluaiste nó áitreabh sealadach eile é *líon sealadach príobháideach tí,* san áireamh tá an lucht taistil agus daoine gan dídean a bhí ina gcónaí ar na sráideanna oíche an daonáirimh (féach ceist H1 ar an dara leathanach de fhoirm an daonáirimh).

## Líon tí neamh-phríobháideach (Áitreabh Comhchoiteann)

Is ionann *líon tí neamh-phríobháideach* agus grúpa daoine áirithe i dteach lóistín, óstán, teach aíochta, brú, beairic, ospidéal, teach altranais, scoil chónaithe, institiúid chráifeach, institiúid leasa, príosún nó long, &rl. D'fhéadfadh gnáthchónaitheoirí agus/nó cuairteoirí a bheith san áireamh i líon tí neamh-phríobháideach. Ach, déantar úinéirí agus bainisteoirí óstán, príomhoidí scoileanna cónaithe, daoine i gceannas cineálacha éagsúla institiúidí agus baill fhoirne, a chónaíonn le nó gan chlann, i lóistín faoi leith san áitreabh a rangú ina líonta príobháideacha tí.

## Méid an líon tí

San áireamh le líon na ndaoine i líon tí tá méid iomlán na ndaoine le gnáthchónaí ann oíche Dé Domhnaigh, 23 Aibreán 2006, chomh maith leo siúd a bhí as láthair ón líon tí ar feadh níos lú ná trí mhí. Níl cuairteoirí a bhí i láthair sa líon tí oíche an daonáirimh san áireamh.

## Aonaid Teaghlaigh

Is ionann aonad teaghlaigh agus:

1. Fear agus bean chéile nó lánúin a chónaíonn in aontíos; nó
2. Fear agus bean chéile nó lánúin a chónaíonn in aontíos le páiste nó páistí nár phós ariamh (d'aon aois) a bhfuil gnáthcónaí orthu ann; nó
3. Tuismitheoir amháin in éineacht le páiste nó páistí nár phós ariamh (d'aon aois) a bhfuil gnáthcónaí orthu ann.

Caithfidh baill teaghlaigh a bheith ina gnáthchónaitheoirí den líon tí chuí.

Tá líonta tí agus teaghlaigh aitheanta bunaithe ar an eolas a cuireadh ar fáil ar cheistiuchán an daonáirimh maidir le gaol taobh istigh den líon tí. I ndaonáireamh 2002 agus i ndaonáirimh roimhe bhain an cheist leis an ngaol a bhí ag gach duine sa líon tí leis an duine tagartha sa líon tí. Chuir an cheist a bhí in úsáid i ndaonáireamh 2006 an gaol a bhí ag gach duine leis an gcéad cheathrar sa líon tí san áireamh. Leis an leagan seo den cheist is féidir aonaid teaghlaigh atá níos casta agus neamhchoitianta a chódáil anois. Go háirid tugann sé deis measúnú níos cruinne a dhéanamh ar líonta tí ina bhfuil níos mó ná teaghlach amháin ina gcónaí.

I dTábla 39 clúdaíonn na téarmaí fear céile agus bean chéile páirtnéirí fireann agus baineann, faoi seach, atá ina gcónaí in aontíos.

# Aguisín 2 (ar lean)

## An Duine Tagartha

An chéad duine sa líon tí a bhí aitheanta mar thuismitheoir, céile, páirtnéir in aontíos nó ceann an líon tí neamh-teaghlaigh le gaolta ann é/í an duine tagartha i ngach líon tí príobháideach. Sa chás nach raibh a leithéid de dhuine sa líon tí, baineadh úsáid as an gcéad ghnáthchónaitheoir mar dhuine tagartha.

## Gnátháit chónaithe, Imirce, Áitbhreithe agus Náisiúntacht

San áireamh sna figiúirí a bhaineann le gnáthchónaitheoirí i gceantar faoi leith tá daoine áirithe sa cheantar sin a dúirt go raibh gnáthchónaí orthu san áit a bhíodar áirithe inti, chomh maith le daoine eile le gnáthchónaí sa cheantar sin ach a bhí áirithe in áiteanna eile sa Stát. Níl gnáthchónaitheoirí ceantair nach raibh i láthair sa Stát oíche an daonáirimh curtha san áireamh sna figiúirí. Rinneadh gnáthchónaitheoirí a chódáil bunaithe ar chontae amháin.

Tá na táblaí ar Chúlra Eitneach nó Cultúr bunaithe go ginearálta ar ghnáthchónaitheoirí a bhí i láthair sa Stát Oíche an Daonáirimh, mar ní bheadh aon chaill le cuairteoirí ó thar lear a chur san áireamh sna figiúirí. Tá na táblaí a bhaineann le Lucht Taistil na hÉireann bunaithe ar an daonra De Facto (is é sin an daonra iomlán áirithe) de réir modheolaíochta a bhí in úsáid i nDaonáirimh roimhe. Mar sin ní féidir na figiúirí iomlána do Lucht Taistil na hÉireann sa chéad chuid den imleabhar seo (Cúlra Eitneach nó Cultúr) a chur i gcomparáid díreach leo siúd sa dara chuid (Lucht Taistil na hÉireann).

## Míchumas

Thángthas ar sonraí maidir le míchumas ó na freagraí a tugadh ar cheisteanna 15 agus 16 ar fhoirm an daonáirimh. Rinneadh ceisteanna daonáirimh 2002 a leasú, i gcomhairle le húsáideoirí agus grúpaí cuí, le trí rannóg nua míchumais (C 15) agus rannóg amháin nua gníomhaíochta (C 16) a chur san áireamh. Bhí cúig chuid i gceist 15 a bhain leis na riochtaí fadtéarmacha seo a leanas:- (a) Daille, bodhaire, nó mórlagú amhairc nó éisteachta (míchumas céadfach), (b) riocht a bhacann go mór bunghníomhaíocht fhisiceach amháin nó níos mó mar shiúl, dul suas staighre, síneadh, ardú nó iompar (míchumas fisiciúil), (c) Míchumas foghlama nó intleachtúil, (d) riocht síceolaíoch nó tochtach agus (e) eile, tinneas ainsealach ar bith san áireamh.

Iarraidh ar aon duine a d'fhreagair TÁ i dtaobh aon chuid de Cheist 15 ansin Ceist 16 a fhreagairt. Ceist le cúig-pháirt a bhí anseo freisin agus iarraidh ar an duine an raibh aon deacrachtaí aige/aici aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh: (a) foghlaim, cuimhneamh nó comhdhíriú (míchumas meabhrach); (b) gléasadh, folcadh nó dul timpeall laistigh den bhaile (míchumas maidir le cúram pearsanta); (c) dul amach ón mbaile i d'aonar le siopadóireacht nó cuairt a thabhairt ar dhochtúir (míchumas maidir leis an mbaile a fhágáil); (d) obair a dhéanamh i bpost nó i bhfreastal ar scoil/coláiste (míchumas fostaíochta) agus (e) a bheith rannpháirteach i ngníomhachtaí eile mar shampla siamsaíocht nó úsáid a bhaint as córais iompair.

Aon duine a d'fhreagair TÁ i dtaobh aon chuid den dá cheist thuas dúradh go raibh siad faoi mhíchumas, go háirid má d'fhreagair an duine TÁ i dtaobh aon chuid de cheist 16 fiú muna d'fhreagair sé/sí TÁ d'aon chuid de cheist 15.

## Rangú um PhríomhStádas Eacnamaíoch (PSE)

Tá rangú um PSE bunaithe ar aon cheist amháin (ceist 26 ar fhoirm an daonáirimh) ina iarrtar ar fhreagróirí cur síos a dhéanamh ar a bpríomhstádas reatha agus tugtar dóibh na rannóga freagra seo a leanas:

- Ag obair do phá nó brabús
- Ag lorg oibre rialta don chéad uair
- Dífhostaithe
- Mac léinn nó dalta
- Cúraimí tí/clainne
- Scortha ón bhfostaíocht
- Gan a bheith in ann oibriú de bharr tinnis bhuan nó míchumais
- Eile, scríobh isteach

# Aguisín 2 (ar lean)

## An Lucht Oibre

Cuireann torthaí ón tSuirbhé Náisiúnta Ráithiúil Líonta Tí (SNRL) an bunús ar fáil don tsraith oifigiúil meastacháin ráithiúla ar an lucht oibre. Tá an lucht oibre agus na figiúirí a bhaineann leis bunaithe go díreach ar an daonáireamh sa tuairisc seo. Ba cheart go mbeadh úsáideoirí ar an airdeall go bhfuil an t-eolas curtha le chéile ó cheisteanna atá mar an gcéanna sa daonáireamh agus san SNRL don ráithe chuí den bhliain chéanna agus d'fhéadfadh difríochtaí móra a bheith eatarthu. Is iad comhpháirteanna na ceiste a bhaineann le príomhstádas eacnamaíoch na príomh rannóga a bhfuil tionchar orthu chomh maith leis na meastúcháin fhostaíochta rangaithe de réir tionscail agus gairme. Is iad seo a leanas na príomhfháthanna atá leis na difríochtaí:

- Duine fásta freagrach a dhéanann foirm an daonáirimh a chomhlánú i ngach líon tí ar fud an Stáit maidir le gach duine atá i láthair sa líon tí oíche an daonáirimh ach is tríd agallamh pearsanta le duine a chuirtear an tSNRL i gcrích
- Baineann an daonáireamh le gach duine a bhíonn i láthair sa Stát (cuairteoirí ó thar lear freisin) ag am an daonáirimh agus clúdaíonn an SNRL daoine a bhfuil gnáthchónaí in Éirinn orthu
- Áireamh iomlán atá sa daonáireamh ach níl sa SNRL ach suirbhé samplach
- Tá réimse i bhfad níos leithne ceisteanna sa SNRL maidir leis an lucht oibre a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar na freagraí a thugtar ar cheisteanna aonair.

## Ráta Rannpháirtíochta sa Lucht Oibre

Líon na ndaoine sa lucht oibre curtha in iúl mar chéatadán den daonra iomlán 15 bliana d'aois agus níos sine é an Ráta Rannpháirtíochta sa Lucht Oibre.

## Ráta Dífhostaíochta

Líon na ndaoine dífhostaithe móide líon na ndaoine atá ag lorg oibre rialta don chéad uair curtha in iúl mar chéatadán den lucht oibre iomláin é an Ráta Dífhostaíochta.

## Gairm Bheatha

Tá an rangú gairme (leagtha síos in Aguisín 3) atá dhá úsáid sa daonáireamh bunaithe ar Bhunrangú Gairme an RA[1], le athruithe déanta le cúinsí an mhargaidh saothair Éireannaigh a léiriú. Baineadh úsáid as an rangú don chéad uair i nDaonáireamh 1996. Cloíann an rangú seo leis an rangú gairme idirnáisiúnta ISCO Com (88) agus tá nasc aige le ISCO Com (88). Feileann an structúr aicme atá curtha ar fáil leis an rangú seo le códáil cruinn uathoibritheach.

Déantar amach cén cód lena mbeidh gairm duine rangaithe bunaithe ar an gcineál oibre a dhéanann sé nó sí mar slí mhaireachtála, is cuma cén áit, nó cén fáth atá an obair sin curtha i gcrích. Níl aon bhaint ag nádúr an tionscail, an ghnó nó seirbhíse a bhfuil duine ag obair ann le rangú na gairme. Mar shampla, baineann an ghairm "cléireach" le cléirigh atá fostaithe i dtionscail na déantúsaíochta, i dtráchtáil, baincéireacht, árachas, riarachán poiblí, gairmeacha proifisiúnta agus seirbhísí eile, &rl.

Tá an leibhéal leathan grúpaí gairme tugtha in Aguisín 3 agus an leibhéal is mó sonraithe gairmeacha a bhfuil eolas ó Dhaonáireamh 2006 foilsithe ina thaobh ar fáil in Aguisín 4.

---

[1] Bunrangú Gairme, Dara Eagrán, HMSO, Londain, 1995.

# Aguisín 2 (ar lean)

## Tionscal

Mar a bhí amhlaidh i nDaonáireamh 2002, leanadh i nDaonáireamh 2006 le tionscail a chódáil ag baint úsáide as NACE – Rangú Ginearálta Tionscail do Ghníomhaíochtaí Eacnamaíocha taobh istigh de na Pobail Eorpacha. Gníomhaíocht 4-dhigit é NACE Rev. 1 a cuireadh le chéile sa bhliain 1990 agus is athdhéanamh é ar an leagan a d'fhoilsigh Eurostat ar dtús sa bhliain 1970.

Rangú i ngráid é NACE, le 60 chóid 2-dhigit, 222 cóid 3-dhigit agus 503 ag leibhéal 4-dhigit. Tá an leibhéal tionscail is sonraithe ar fáil sa thuairisc reatha tugtha in Aguisín 3 agus tá an meánleibhéal grúpaí tionscail tugtha in Aguisín 4.

Déantar an tionscal lena mbaineann duine a roghnú (is cuma cén ghairm atá i gceist) bunaithe ar an bpríomh ghníomhaíocht eacnamaíoch atá ar siúl san aonad áitiúil ina oibríonn sé/sí. Ach, má chuireann an t-aonad áitiúil seirbhís bhreise ar fáil d'aonad eile sa ghnó (mar shampla, riarachán, stóráil, &rl) déantar na daoine san aonad breise a rangú le tionscal aon aonaid a fhreastalaíonn sé air. Mar sin, cé go mbaineann an rangú gairme amháin leis an obair faoi leith a dhéanann duine aonair is cuma cén ghníomhaíocht a dhéanann an t-aonad áitiúil, baineann an rangú tionscail amháin leis an aidhm dheireanach atá ag an aonad nó leis an táirge is cuma cén obair go díreach a dhéanann gach duine aonair.

D'fhéadfadh sé go mbeadh daoine le gairmeacha difriúla fostaithe in aonad déantúsaíochta nó trachtála ar mhaithe le táirgeadh faoi leith a dhéanamh nó seirbhís faoi leith a chur ar fáil. Ar an láimh eile, ta cásanna ina bhfuil gairmeacha faoi leith teoranta don chuid is mó do thionscal aonair. Mar shampla, tá formhór na ndaoine le gairmeacha talmhaíochta fostaithe i dtionscal na talmhaíochta agus formhór na mianadóirí fostaithe i dtionscal na mianadóireachta.

Nuair a bhaintear úsáid as an téarma *tionscal* sa Dhaonáireamh ní le tionscal na déantúsaíochta amháin a bhaineann sé. Baineann sé leis an téarma "rannóg gníomhaíochta eacnamaíoch". I gcás fostaithe déantar iad a rangú bunaithe ar ghnó nó gairm a bhfostóra agus i gcás daoine féin-fhostaithe déantar iad a rangú bunaithe ar chineál a ngnó nó gairm.

# Aguisín 3

## Meánleibhéal grúpaí gairme ar baineadh úsáid astu i rangú do Dhaonáireamh 2006

| Cód Uimhir | Grúpa Gairme |
|---|---|
| 160, 595, 900-901, 903-904 | Oibrithe talmhaíochta, iascaireachta agus foraoise |
| 521, 523-526, 529 | Oibrithe ceirdeanna leictreacha |
| 515-517, 519, 530, 532-533, 537, 540-541, 830, 834, 839-841 | Oibrithe innealtóireachta agus ceirdeanna gaolmhara |
| 550, 553-556, 559, 810, 812, 814 | Oibrithe fíocháin, éadaí agus leathair |
| 580-582, 800, 802, 809 | Oibrithe táirgíochta bia, dí agus tobac |
| 561, 569, 820-821, 824-825, 829 | Oibrithe ceimiceacha, páipéir, adhmaid, rúbair, plaisteacha agus clódóireachta |
| 571, 579, 590, 599, 850-851, 860, 862, 885, 887, 893, 897-898 | Oibrithe déantúsaíochta eile |
| 111, 260, 500-504, 506-507, 509, 570, 895, 922-923, 929 | Oibrithe Tógála agus Foirgníochta |
| 101, 110, 120-122, 124, 139, 176, 199 | Bainisteoirí agus feidhmeannaigh |
| 140-141, 331-332, 441, 630, 871-874, 880-882, 889, 930-931, 934, 940 | Oibrithe cumarsáide, trádstórais agus iompair |
| 410-412, 430, 459-460, 462 | Oibrithe cléireacha agus oifige |
| 171, 178-179, 622, 700, 702, 710, 719-720, 731-732, 790 | Gairmeacha díolacháin |
| 130-131, 242, 250, 252, 270, 350, 361, 363 | Gairmeacha Gnó agus Tráchtála |
| 126, 214, 320, 490 | Gairmeacha Bogábhair Ríomhaireachta |
| 200-202, 209-212, 215-216, 219, 300-303, 309-310, 312-313 | Gairmeacha Eolaíochta agus teicniúla |
| 220-221, 223-224, 340, 342-343, 346-347, 349, 640 | Oibrithe sláinte agus gaolmhar |
| 290, 293, 371 | Oibrithe Sóisialta agus gairmeacha gaolmhara |
| 292 | Gairmeacha cráifeacha |
| 380-381, 384, 386-387, 390-391, 394, 399 | Oibrithe proifisiúnta eile |
| 173-175, 177, 615, 619-621, 644, 650, 652, 660, 670, 672-673, 690, 951, 953 | Oibrithe seirbhíse pearsanta agus cúraim leanaí |
| 191, 230, 233-234, 239 | Múinteoirí |
| 100, 102-103, 132, 240, 396, 400-401, 611-612, 892, 933 | Oibrithe rialtais lárnaigh agus áitiúil |

# Aguisín 3 (ar lean)

| Cód Uimhir | Grúpa Gairme | Cód Uimhir | Grúpa Gairme |
|---|---|---|---|
| 152, 610 | An Garda Síochána | 000, 594, 899, 913, 919, 955, 958-959, 990, 999 | Gairmeacha brabúsacha eile (gan a bheith luaite san áireamh) |
| 150, 600 | Gairmeacha san Arm | | |

# Aguisín 4

## Leibhéal sonraithe gairmeacha ar baineadh úsáid astu i rangú do Dhaonáireamh 2006

| Cód uimhir | Gairm | Stádas Fostaíochta 2 | 3 | 1, 4 | 2 | 3 | 1, 4 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Grúpa Socheacnamaíoch | | | Aicme Shóisialta | | |
| 000 | Ag obair ach níl aon ghairm luaite | Z | Z | Z | 7 | 7 | 7 |
| 100 | Bainisteoirí Sinsearacha sa rialtas náisiúnta | A | A | A | 1 | 1 | 1 |
| 101 | Bainisteoirí ginearálta i gcomhlachtaí móra | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 102 | Oifigigh rialtais áitiúil | A | A | A | 2 | 2 | 2 |
| 103 | Riarthóirí ginearálta sa rialtas náisiúnta | A | A | A | 2 | 2 | 2 |
| 110 | Bainisteoirí Táirgthe agus oibreacha | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 111 | Bainisteoirí Tógála | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 120 | Bainisteoirí airgeadais chomhlachta | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 121 | Bainisteoirí margaíochta | A | C | A | 2 | 2 | 2 |
| 122 | Bainisteoirí ceannaithe | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 124 | Bainisteoirí foirne | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 126 | Bainisteoirí córais ríomhaireachta | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 130 | Ceannasaithe Creidmheasa | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 131 | Bainisteoirí bainc agus cumainn fhoirgníochta | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 132 | Feidhmeannaigh sa Státseirbhís | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 139 | Bainisteoirí eile airgeadais n.e.s. | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 140 | Bainisteoirí iompair | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 141 | Bainisteoirí stórtha agus tithe stórála | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 150 | Oifigigh choimisiúnta na bhfórsaí cosanta | | | A | | | 2 |
| 152 | Gardaí Sinsearacha agus oifigigh phríosúin | | | A | | | 2 |
| 160 | Úinéirí agus bainisteoirí feirme | I | I | I | 1-5 | 1-5 | 1-5 |
| 171 | Úinéirí agus bainisteoirí garáiste | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 173 | Bainisteoirí óstáin agus lóistín | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 174 | Bainisteoirí bialainne agus lónadóireachta | A | H | A | 3 | 3 | 2 |
| 175 | Tábhairneoirí, óstóirí agus bainisteoirí clubanna | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 176 | Bainisteoirí siamsaíochta agus spóirt | A | H | A | 3 | 3 | 2 |
| 177 | Bainisteoirí gníomhaireachta taistil | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 178 | Bainisteoirí agus úinéirí siopaí búistéara | A | H | A | 2 | 3 | 2 |
| 179 | Bainisteoirí agus úinéirí siopaí | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 191 | Riarthóirí scoileanna agus coláistí | A | A | A | 2 | 2 | 2 |
| 199 | Bainisteoirí eile n.e.s. | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 200 | Ceimiceoirí | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 201 | Eolaithe Bitheolaíochta | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 202 | Fisiceoirí | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 209 | Eolaithe nádúrtha eile n.e.s. | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 210 | Innealtóirí Sibhialta agus mianacha | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 211 | Innealtóirí Meicniúla | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 212 | Innealtóirí leictreachais agus leictreonacha | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 214 | Innealtóirí bogábhair | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 215 | Innealtóirí ceimiceacha, táirgthe, pleanála agus smachtú caighdeáin | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 216 | Innealtóirí deartha agus forbartha | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 219 | Innealtóirí agus teicneolaithe eile n.e.s. | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 220 | Cleachtóirí leighis | B | B | B | 1 | 1 | 1 |

# Aguisín 4 (ar lean)

| Cód uimhir | Gairm | Stádas Fostaíochta 2 | 3 | 1, 4 | 2 | 3 | 1, 4 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Grúpa Socheacnamaíoch | | | Aicme Shóisialta | | |
| 221 | Poitigéirí, cógaseolaithe, radharceolaithe oftailmeacha agus ullmhaithe | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 223 | Cleachtóirí fiaclóireachta | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 224 | Tréidlianna | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 230 | Múinteoirí ollscoile, CRT, agus institiúidí ardoideachais eile | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 233 | Múnteoirí Meánscoile agus gairmoideachais | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 234 | Múinteoirí bunscoile agus réamhscolaíochta | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 239 | Lucht proifisiúnta eile sa mhúinteoireacht n.e.s. | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 240 | Breithiúna | A | A | A | 1 | 1 | 1 |
| 242 | Abhcóidí agus aturnaetha | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 250 | Cuntasóirí cairte agus deimhnithe bainistíochta (saineolaithe cánachais san áireamh) | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 252 | Achtúirí, eacnamaithe, staitisteoirí, comhairleoirí bainistíochta agus anailísí gnó | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 260 | Ailtirí, pleanadóirí baile agus suirbhéirí | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 270 | Leabharlannaithe, cartlannaithe agus coimeádaithe | A | A | A | 2 | 2 | 2 |
| 290 | Síceolaithe agus eolaithe eile sóisialta/iompraíochta | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 292 | Cléir | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 293 | Oibrithe sóisialta agus oifigigh phromhaidh | B | B | B | 1 | 1 | 1 |
| 300 | Teicneoirí saotharlainne | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 301 | Teicneoirí innealtóireachta | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 302 | Teicneoirí leictreachais agus leictreonacha | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 303 | Teicneoirí ailtreachta, pleanála baile, tógála agus innealtóireachta sibhialta | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 309 | Teicneoirí eile eolaíochta n.e.s. | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 310 | Línitheoirí | A | H | D | 3 | 3 | 3 |
| 312 | Cigirí foirgnimh agus suirbhéirí cainníochta | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 313 | Meastóirí mara, árachais agus meastóirí eile | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 320 | Ríomhchláraitheoirí anailíseacha | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 331 | Oifigigh aerárthach, pleanadóirí agus ceannasaithe tráchta | A | H | C | 2 | 2 | 2 |
| 332 | Oifigigh loing agus árthach foluaineach | A | H | A | 2 | 2 | 2 |
| 340 | Altraí agus cnáimhseacha | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 342 | Raideagrafaithe leighis | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 343 | Fisiteiripigh agus coslianna | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 346 | Teicneoirí leighis, cúntóirí fiaclóireachta agus altraí fiacloireachta | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 347 | Teiripigh cheirde agus urlabhra, síciteiripigh agus teiripigh eile n.e.s. | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 349 | Proifisiúnaithe eile leighis n.e.s. | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 350 | Seirbhís dlí agus gairmeacha gaolmhara | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 361 | Frithgheallaithe, meastóirí éileamh, bróicéirí agus anailísithe infheistíochta | A | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 363 | Oifigigh phearsanra, chaidrimh tionscail agus staidéir oibre | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 371 | Mná tís, tuismitheoirí tí, oibrithe leasa, pobail agus óige | A | H | D | 2 | 2 | 2 |
| 380 | Údair, scríbhneoirí agus iriseoirí | A | C | C | 2 | 2 | 2 |

# Aguisín 4 (ar lean)

| Cód uimhir | Gairm | Stádas Fostaíochta 2 | 3 | 1, 4 | 2 | 3 | 1, 4 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Grúpa Socheacnamaíoch | | | Aicme Shóisialta | | |
| 381 | Ealaíontóirí, ealaíontóirí tráchtála/tionscail, dearthóirí grafacha agus éadaí | A | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 384 | Aisteoirí, ceoltóirí, oirfidigh, bainisteoirí stáitse, léiritheoirí agus stiúrthóirí | A | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 386 | Fótagrafaithe, oibreoirí ceamara, fuaime agus trealamh físe | A | H | D | 3 | 3 | 3 |
| 387 | Lúthchleasaithe proifisiúnta agus feidhmeannaigh spóirt | A | H | D | 3 | 3 | 3 |
| 390 | Oifigigh eolais, comhairleoirí gairmeacha agus treoraithe speisialta gairmeacha | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 391 | Traenálaithe gairmiúla, tionscail agus teagascóirí tiomána | A | H | C | 3 | 3 | 2 |
| 394 | Cigirí monarcha, caighdeáin trádala agus cigirí reachtúla eile | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 396 | Oibrithe sláinte comhshaoil, sláinteolaithe ceirde agus oifigigh sábháilteachta | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 399 | Gairmeacha eile gaolmhara proifisiúnta agus teicniúla n.e.s. | C | C | C | 2 | 2 | 2 |
| 400 | Oifigigh agus cúntóirí riaracháin sa státseirbhís | D | D | D | 3 | 3 | 3 |
| 401 | Oifigigh agus cúntóirí cléireacha sa rialtas áitiúil | D | D | D | 3 | 3 | 3 |
| 410 | Cléirigh chuntas agus tuarastála, cúntasóirí agus cléirigh airgeadais eile | A | H | D | 3 | 3 | 3 |
| 411 | Airgeadóirí, cléirigh bhainc agus cúntair | A | H | D | 3 | 3 | 3 |
| 412 | Bailitheoirí fiacha, cíosa agus airgid eile | A | H | D | 3 | 3 | 3 |
| 430 | Cléirigh chomhdaithe, ríomhaireachta, leabharlainne agus cléirigh eile n.l.s. | A | H | D | 3 | 3 | 3 |
| 441 | Feighlithe stórtha, fir/mná i bhfeighil tithe stórála, cléirigh smachtaithe seachadta agus táirgthe | A | H | F | 5 | 5 | 5 |
| 459 | Rúnaithe, leighis, dlí; cúntóirí pearsanta, clóscríobhaithe agus oibritheoirí próiseálaithe focal | A | H | D | 3 | 3 | 3 |
| 460 | Fáilteoirí agus fáilteoirí - teileafónaithe | D | D | D | 3 | 3 | 3 |
| 462 | Oibritheoirí teileafóin, oibritheoirí teileagraf agus oibritheoirí córas cumarsáide oifige eile | D | D | D | 3 | 3 | 3 |
| 490 | Oibritheoirí ríomhaireachta, oibritheoirí próiseála sonraí agus oibritheoirí trealamh oifige eile | A | H | D | 3 | 3 | 3 |
| 500 | Bríceadóirí agus saoir chloiche | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 501 | Saoir dín, slinneadóirí, saoir tíleanna, saoir síte agus saoir phlátáilte | A | H | F | 5 | 5 | 5 |
| 502 | Pláistéirí | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 503 | Gloineadóirí | A | H | F | 5 | 5 | 5 |
| 504 | Tógálaithe agus conraitheoirí tógála | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 506 | Saoir urláir, clúdaitheoirí urláir, feisteoirí brat urláir agus pleanadóirí, saoir tíleanna urláir agus ballaí | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 507 | Péintéirí agus maisitheoirí | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 509 | Lucht tógála scafaill, rigeálaithe, dreapairí clogáis agus ceirdeanna eile tógála n.l.s. | A | H | F | 5 | 5 | 5 |
| 515 | Deantóirí uirlisí | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 516 | Feisteoirí oibre mhiotail – táirgeadh agus cothabháil | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 517 | Déantóirí gléasanna mionchruinne, órcheardaithe, gaibhne geala agus oibrithe clocha luachmhara | A | H | E | 4 | 4 | 4 |

# Aguisín 4 (ar lean)

| Cód uimhir | Gairm | Stádas Fostaíochta 2 | 3 | 1, 4 | 2 | 3 | 1, 4 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Grúpa Socheacnamaíoch | | | Aicme Shóisialta | | |
| 519 | Cóiritheoirí uirlisí innealra eile agus oibritheoirí-cóiritheora CNC | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 521 | Leictreoirí agus feisteoirí cothabhála leictreacha | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 523 | Feisteoirí teileafóin | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 524 | Saoir cheangailte cáblaí agus deisitheoirí línte | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 525 | Innealtóirí raidió, Teilifíse agus fístaifeadán | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 526 | Innealtóirí ríomhaireachta (insealbhú agus cothabháil) | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 529 | Ceirdeanna eile leictreachais agus leicreonacha | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 530 | Gaibhne, oibrithe teallaigh/plátaí miotail, agus saoir long | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 532 | Pluiméirí, innealtóirí teasa agus aeraithe agus ceirdeanna gaolmhara | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 533 | Oibrithe miotail síte | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
| 537 | Táthairí agus tógálaithe cruach | A | H | E | 4 | 4 | 4 |
